

Seaimpíní Sraithe agus Craoibhe 2007



Foiriann Sacair Chois Fharraige faoi 15

Líne cúil, ar chlé: Gearóid Ó Curraoin (Bainisteoir), Aodhán Ó Maoileoin (Bainisteoir) Conor Murphy, Diarmuid Ó Feinneadh, Manus Breathnach, Brendan Ó Conceannain, Colm Ó Cuiv, PJ Bairéad, Aonghus Ó Donnacha, Fiontain Ó Curraoin, Diarmuid Ó Maoileoin, Jack Dowling, Cristóir Ó Márta, Shane Ó Ceallaigh, Peadar Ó Gríofa, Mikey Conroy, Conall Ó Céidigh (Bainisteoir).

Líne tosaigh ó chlé: Ronan Butler, Ronan Grealish, Ronan Ó Fatharta, Gearóid Ó Maolain, Cian Ó Cualain, Dara Mac Donnacha, Richard Mac Donnacha, Fiach Ó Bearra, Stiofán Ó Bearra, Ioas Howlin, Einne Ó Conghaile.

Cumann Sacair Chois Fharraige

Seaimpíní Sraithe agus Craoibhe

Den chéad uair riamh, bhain buachaillí Faoi-15 Chumann Sacair Cois Fharraige amach an cluiche ceannais do chraobh na Gaillimhe, éacht a tharla ar an Luan an 26ú Márta i bPáirc Terryland. Go deimhin ba é seo an chéad fhoireann ón gCumann in aon ghrád a chuaigh chomh fada sin agus is maith mar a rinne siad. I gcoinne Chreag Mhór/Baile Cláir na Gaillimhe a bhí siad sa gcluiche ceannais tar éis dóibh an bua a fháil i gcoinne Moyne Villa sa gcead bhabhta, in aghaidh Kilshanvey sa dara babhta agus in aghaidh Corrib Rangers sa gcluiche leathcheannais.

Ba é seo an foireann a thosaigh don cluiche ceannais:

1. Richard Mac Donnacha - Baile na hAbhann
2. P.J. Bairéad - Cloch Mór
3. Críostóir Ó Márta - Saile Chuana
4. Aonghus Ó Donnacha - Baile na hAbhann
5. Diarmuid Ó Maoileoin - Ros an Mhíl
6. Jack Dowling - Na Forbacha
7. Fiontán Ó Curraoin - Indreabhán
8. Ioas Howlin - Cor na Rón (Captaen)
9. Fiach Ó Béarra - Both Chuana
10. Stiofán Ó Béarra - Na Minna
11. Shane Ó Ceallaigh - Cor na Rón.

Is iad na bainisteoirí atá ag an foireann ná : Aodhán Ó Maoileoin, Gearóid Ó Curraoin agus Conall Ó Céidigh.

Bhí siad an-neirbhíseach nuair a thosaigh an cluiche agus is iad Creag Mhór / Baile Cláir na Gaillimhe ab fhéarr a thosaigh. Tar éis 5 nóiméad imeartha fuair siad cúl agus bhreathnaigh rudaí go dona do Chois Fharraige. Fuair siad cúpla seans eile ansin ach d'éirigh leis an gcúl báire s'againne an ceann is féarr a fháil orthu. Dhúisigh buachaillí Chois Fharraige ansin tar éis 15 nóiméad imeartha. Fuair an dá fhoireann cúpla seans agus bhí sárchlúiche á fheiceáil ag an lucht tacaíocht.

Bhí an dá chúl báire crógach mar bhí seansanna ag an dá fhoireann. Fuair Fiach Ó Béarra, Stiofán Ó Béarra agus Fiontán Ó Curraoin seansanna dúinn ach theip orthu an liathróid a chur san eangach. Tar éis 30 imeartha chur muid isteach Peadar Ó Gríofa in áit Stiofáin Uí Béarra. D'athraigh an cluiche ar fad ansin go dtí leatham. Taobh istigh de dhá nóiméad ina dhiaidh sin bhí na foirne ar chomhscór nuair a chuir Ioas Howlin isteach liathróid sa mbosca agus bhí Fiach Ó Béarra réidh chun í a bhualadh nuair a bhuail ceann de chosantóirí Chreag Mhór/Baile Cláir na Gaillimhe a chloigeann faoi agus isteach léi san

eangach. Dhá nóiméad ina dhiaidh sin bhí cúl eile againn. Thug Críostóir Ó Márta liathróid iontach do Pheadar Ó Gríofa agus bhí seisean réidh le scaoileadh fúithi nuair a síneadh sa mbosca é agus – Cis Pionóis! Suas le Ioas Howlin agus bháigh sé san eangach í. Trí nóiméad ina dhiaidh sin fuair Fiontán Ó Curraoin an liathróid agus scaoil sé isteach chuig Peadar Ó Gríofa í; isteach leis siúd thar cúpla imreoir agus chuir sé san eangach í. 3-1 anois ag Cois Fharraige. Taobh istigh de dhá nóiméad fuair Creag Mhór/Baile Cláir na Gaillimhe cúl ar ais. 3-2 a bhí ann ansin go dtí leatham.

Thosaigh an dara leath go maith agus Creag Mhór/Baile Cláir ar an ionsaí ach ní raibh siad ábalta dul thar na cosantóirí s'againne, Aonghus Ó Donnacha agus Diarmuid Ó Maoileoin a bhí thar barr. Chuaigh Diarmuid Ó Feinneadha isteach in áit Shane Uí Cheallaigh agus Colm Ó Cuív in áit Chríostóir Uí Mhárta tar éis 65 nóiméad. Fuair muid cúpla seans eile ina dhiaidh sin ó cic cúinne nuair stopadh an liathróid ar Peadar Ó Gríofa ar an líne agus cúpla nóiméad ina dhiaidh tharla an rud céanna do Dhiarmuid Ó Maoileoin.

Bhí an imirt ar fad ag Cois Fharraige sna 10 nóiméad dheiridh agus choinnigh siad a gcloigeann nó gur séideadh an fheadóg. Bhí lucht leanúna de thart ar 250 ag foireann Cois Fharraige agus rith siad ar fad ar an bpáirc nuair a rinne buachaillí Cois Fharraige an éacht mhór seo.

Ar an Aoine an 6ú lá d'Aibreán na bliana seo rinne na buachaillí céanna an 'Double' nuair a bhuail siad Corrib Rangers sa gcomórtas sraithe, rud a d'fhág ar bharr thábla na sraithe iad agus Corn na Sraithe buaite acu le cur le Corn an Chontae.

Aodhán Ó Maoileoin